

Fógra Tábhachtach do gach soláthróir earraí, oibreacha agus seirbhísí do Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach (BOOCCC)

Tá eTenders ag athrú.

Bhog eTenders, seirbhís tairisceana náisiúnta Rialtas na hÉireann, chuig ardán nua ar an 15 Bealtaine 2023, agus tá comórtais nua á bhfoilsíú ar an ardán seo ón 22 Bealtaine 2023.

Mar úsáideoir an chórais eTenders, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach (BOOCCC) ag iarraidh ar gach soláthróir atá cláraithe ar an seanchóras faoi láthair a gcuntas a ghníomhachtú ar an ardán nua eTenders, chun leanúint ar aghaidh ag fáil foláirimh chórais agus chun páirt a ghlacadh i dtairiscintí nua.

Is féidir le soláthróirí rochtain a fháil ar an ardán nua trí shuíomh Gréasáin [etenders.gov.ie](https://www.gov.ie). Beidh cuid dá sonraí aistrithe chuig an ardán nua ag soláthróirí atá cláraithe cheana féin ach beidh orthua a gclárúchán a ghníomhachtú ar an gcéad logáil isteach trí ath-ionchur a dhéanamh agus roinnt sonraí breise a chur isteach.

Tá treoracha tosaithe ar fáil do sholáthróirí tríd an nasc seo a leanas <https://www.gov.ie/ga/foilsiuhan/9a109-etenders-is-changing-updates-for-businesses/>

Nuair a bheidh do shonraí uasdátaithe agat, beidh tú in ann rochtain iomlán a fháil ar an ardán nua. Ós rud é gur córas nua é seo, beidh taithí an úsáideora difriúil, agus molaimid duit am a thógáil chun éirí cleachta ar an suíomh nua.

Beidh an sean-ardán eTenders ar fáil do gach úsáideoir go dtí Bealtaine 2024 chun go bhféadfar gach comórtas a thosaigh roimh an 15 Bealtaine a chríochnú ar an sean-ardán.